

UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland



# AG BAILE IN COC:

## CREAT STRAITÉISEACH AGUS PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM CHOMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSIÚ

## 2025 – 2028




Saothar Ealaíne na n-ealtaí le Katarzyna Pyrz

# CLÁR


| | |
|---|---|
| **Fáilte** | **2** |
| **Réamhrá** | **5** |
| **An Cur Chuige** | **8** |
| Cúinsí Comhionannais a Thuiscint | 10 |
| Sainmhínithe agus Gluais | 11 |
| Fís agus Misean CÉI | 12 |
| Cuspóirí Straitéiseacha CÉI | 13 |
| Ár bPáirtithe Leasmhara | 14 |
| **Cuspóirí** | **15** |
| Cuspóir 1: Bunús | 16 |
| Cuspóir 2: Cultúr | 17 |
| Cuspóir 3: Rathúlacht | 18 |
| Cuspóir 4: Fás | 19 |
| Cuspóir 5: Caidreamh | 21 |
| Torthaí | 22 |
| Maoirseacht, Monatóireacht agus Measúnú | 23 |
| **Aguisín** | **24** |



# FÁILTE

# Tá sé ríthábhachtach go bhfuil daoine ar a suaimhneas má theastaíonn uathu dul chun cinn a dhéanamh sa saol.

**Cúis áthais dúinn Ag Baile in COC: Creat Straitéiseach agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú 2025-2028 de chuid Choláiste na hOllscoile Corcaigh a roinnt libh den chéad uair. Tá an Creat agus an Plean Gníomhaíochta seo faoi réir ag Go Buan Feasta: Plean Straitéiseach COC 2023-2028 agus é mar thaca le tiomantas na hollscoile do chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú. Leagtar amach ann cuspóirí agus gníomhartha soiléire chun CÉI a bhaint amach in COC go ceann ceithre bliana.**

Bhí próiseas comhairliúcháin cuimsitheach Luachanna agus Cultúir/CÉI in 2022 agus arís in 2024 mar bhonn eolais agus an Creat agus an Plean Gníomhaíochta á dhréachtú. Theastaigh ó phobal COC agus óna chomhpháirithe leasmhara, a ghlac páirt sa chomhairliúchán seo, go leagfaí béim bhreise ar CÉI agus d'éisteamar leo. Ina leith sin, táthar ag iarraidh sa Chreat seo dul i ngleic le freagraí maidir leis an gcultúr a athrú, níos mó trédhearcachta; CÉI a bheith fréamhaithe i dteagasc, foghlaim agus taighde; athrú ó bhonn ar ár gcórais ollscoile; agus leathnú ar ár dtiomantas institiúideach do CÉI chun gach gné den chomhionannas a chur san áireamh.

Cuireann an Creat seo leis an obair nach beag atá ar bun cheana féin ar fud na hollscoile agus sinn tugtha do Chairt Athena *SWAN* na hÉireann (2021) agus do bheartais an Údaráis um Ard-Oideachas (ÚAO): an Creat chun Deireadh a chur le Ciapadh agus Foréigean Gnéasach (2019); Plean Rochtana Náisiúnta na nInstitiúidí Ardoideachais (2022) agus an Plean Feidhmithe um Chomhionannas Ciníocha in Institiúidí Ardoideachais (2023). Is ann cheana féin do mhórchuid oiliúna agus polasaithe CÉI mar thaca lenár gcuid ball foirne agus mac léinn ach tuigtear dúinn go bhfuil gá le cur chuige níos iomlánaíche i leith na hoibre seo.

Tuigtear dúinn chomh maith go bhfuil pobal na hollscoile seo againne níos éagsúla ná riamh agus daoine anseo a bhfuil eispéiris agus riachtanais ar leith acu. Is mian linn saibhreas pobail a léiriú inár gcuid oibre agus sna mothúcháin atá ag daoine nuair

bhíonn siad ag staidéar, ag obair agus ag plé linn ar an gcampas agus lasmuigh de. Glacaimid leis nach mbraitheann gach duine ag baile anseo agus caithfimid a thuilleadh a dhéanamh chun dul i ngleic le bulaíocht, ciapadh agus leithcheal bunaithe ar na gnéithe cosanta seo a leanas: Aois, Stádas Sibhialta, Míchumas, Stádas Teaghlaigh, Inscne, Baill an Lucht Taistil, Creideamh, Cine, Claonadh Gnéis agus Stádas Soch-Eacnamaíoch. Chun lánacmhainneacht ár n-eagraíochta a bhaint amach ní mór dúinn cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'fholláine ár mball foirne agus ár mac léinn.

Ní foláir dúinn a bheith meáite go gníomhach ar CÉI agus géilliúlacht a shárú i dtreo is go n-éireoidh leis an gCreat seo. Caithfimid a chinntiú go bhfuil CÉI go smior ionainn agus in imeachtaí uile ár n-eagraíochta i láthair na huaire agus san am atá le teacht. Tá súil againn go mbainfear a leithéid amach agus na gníomhartha seo ar bun.

Táimid go léir freagrach as comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú agus téann siad chun sochair dúinn. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil sibhialtacht, cuntasacht, dínit agus cóimheas le brath go láidir i ngach a ndéanaimid; go dtapaímid deiseanna chun daoine eile a spreagadh; go gcuirimid comhdheiseanna cothroma ar fáil chun fás agus foghlaim; agus go mbunófar spás chun smaointe a roinnt go hoscailte. Ní féidir linn an obair thábhachtach seo a dhéanamh gan tacaíocht, rannpháirtíocht agus caidreamh a fháil ó phobal COC. Tugaimid cuireadh daoibh mar sin a bheith diongbháilte agus mar úinéirí ar an gCreat agus an Plean Gníomhaíochta seo i dtreo is go mbeidh lánéifeacht aige don duine aonair agus ar bhonn áitiúil.

Má imrímid uile ár bpáirt agus sinn ag obair as lámha a chéile éireoidh linn leis an gCreat agus Plean Gníomhaíochta uaillmhianach seo, agus dá thoradh beidh an ollscoil seo againne mar áit ina mbraitheann gach duine ag baile agus iad ag bláthú.

An tOllamh John O'Halloran,
An tUachtarán

An tOllamh Stephen Byrne,
An Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir

An Dr Avril de Huiste,
An Stiúrthóir um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú.



# RÉAMHRÁ

Ollscoil atá bunaithe ar thaighde agus ar chúrsaí domhanda is ea COC ina bhfuil níos mó ná 25,000 mac léinn, 3,600 ball foirne agus 220,000 alumni ar fud na cruinne. Is pobal éagsúil sinn de mhic léinn, baill foirne, alumnl agus comhpháirtithe, pobal atá ag athrú go pras. Ní mór dár gcur chuige i leith shaol na hollscoile a leithéid a léiriú.


### Faoi réir ag Go Buan Feasta: *Plean Straitéiseach COC 2023-2028*

Tá áit lárnach ag Comhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú agus Muintearas (CÉIM) i *bPlean Straitéiseach COC Go Buan Feasta 2023-2028*. Tá sé mar mhisean na hollscoile "timpeallacht agus cultúr ionchuimsitheach a chruthú agus a chothú a éascaíonn taighde agus foghlaim chlaochlaithe ar mhaithe leis an tsochaí agus lenár bpláinéad." Seasann na luachanna seo dár gcuid as Béarla don fhocal CAIRDEAS agus tá siad mar thaca lenar gceangail agus lenár gcaidreamh le pobal áitiúil agus domhanda COC agus lenár gcomhpháirtithe uile. Tá cothromas mar chroílár na luachanna sin. Laistigh de Phlean Straitéiseach na hollscoile, tá CÉI mar chumasóir straitéiseach, ina bhfuil sainghníomhartha leagtha amach faoi gach ceann de na cúig philéar. Tús maith, Leath na hOibre atá mar théama de Chlár Thréithe an Chéimí in COC.

### Faoi réir ag Obair Comhionannais, Éagsúlachta, Ionchuimsithe agus Muintearais Reatha

Cé go bhfuil COC tiomanta le fada an lá do CÉI, is é seo an chéad Chreat agus Plean Gníomhaíochta CÉI le haghaidh na hollscoile. Tá sé mar aidhm ag an gCreat agus an Plean Gníomhaíochta seo pobal ollscoile a chothú inar féidir le gach duine a lánacmhainneacht a fhorbairt agus iad faoi bhláth. Tá an Creat mar iarracht tosaigh chun an obair seo ar fad a thabhairt le chéile agus cuireann sé le pleananna gníomhaíochta eile ar mhaithe le Athena *SWAN*, Toiliú, Comhionannas Ciníocha agus Míchumas/Néara-Éagsúlacht. Cuimsítear leis sa Chreat cúinsí comhionannais níos leithne, mar atá leagtha amach i ndlí idirnáisiúnta agus Éireannach maidir le cearta an duine.

Ina theannta sin, tá an Creat CÉI seo faoi réir ag obair atá ar siúl cheana féin i straitéisí, creataí agus pleananna eile de chuid COC, lena n-áirítear Daoine agus Cultúr, Leas agus




Folláine na Foirne; Taighde agus Nuálaíocht: Caidreamh Domhanda; Rochtain COC; agus Eispéireas na Mac Léinn.

Aithnímid go bhféadfadh athrú teacht ar an gcáipéis seo agus í múnlaithe ag an domhan seo a bhíonn ag athrú de shíor. Faoi gach cuspóir, aithnímid tosaíochtaí tras-institiúideacha ina bhfuil gá le comhoibriú agus oiriúnú sna coláistí, na scoileanna, na ranna agus na haonaid.  Ní thugtar liosta iomlán ar ghníomhartha CÉI de chuid COC sa Chreat seo. Eascraíonn na spriocanna a luaitear as ár gcuid straitéisí agus pleananna reatha ina bhfuil gníomhartha a léiríonn conas a bhainfimid na spriocanna sin amach. Agus forbairt bhreise á déanamh ar ár gclár CÉI, forbrófar spriocanna nua atá faoi réir ag ár gcuid cuspóirí.

## Comhairliúchán

Dáileadh suirbhé cuimsitheach ar na baill foirne go léir maidir le Luachanna agus Cultúr/CÉI i mí Márta 2022 agus i mí Márta 2024. Chuir níos mó ná 1600 ball foirne (46% an ráta freagartha) leis an bpróiseas comhairliúcháin seo inar aithníodh na tosaíochtaí foráis agus forbartha ó thaobh CÉI de. Ghlac 64 ball foirne páirt i ngrúpaí fócais sa bhliain 2022, agus tháinig 38 ball foirne eile go dtí cruinniú comhchéime in 2024 (tugadh cuireadh do gach ball foirne). Reáchtáladh sesiún comhairliúcháin eile le Cathaoirligh ghréasáin CÉI na foirne. Ghlac ní ba mhó ná céad ball foirne páirt in agallaimh aonair.

Dáileadh dhá shuirbhé CÉI ar na mic léinn in 2022 agus 2024 agus fuarthas freagraí ó ní ba mhó ná 1500 mac léinn. Chuathas i gcomhairle le hAontas na Mac Léinn in COC mar chuid den phróiseas seo.

Phléamar chomh maith le alumni agus páirtithe leasmhara seachtracha in institiúidí ardoideachais eile agus sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil tagarmharcáil déanta ar an gcreat agus an plean gníomhaíochta uaillmhianach seo atá faoi réir ag an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta. .



# AN CUR CHUIGE

# Leagtar amach thíos an cur chuige i leith ár n-oibre CÉI:




Figiúr 1: **Próiseas Dhualgas na hEarnála Poiblí**

## Dualgas san Earnáil Phoiblí

Mar shuíomh píolótach de Dhualgas um Chomhionannas san Earnáil Phoiblí agus i gCearta an Duine in Éirinn in 2018, tá an Creat seo againne bunaithe ar an gcur chuige atá leagtha amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Tá sé de dhualgas ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta an uile dhuine a chosaint a dtéann a gcuid polasaithe agus pleananna i bhfeidhm orthu. Ciallaíonn sé seo go bhfuil oibleagáid leanúnach ann a ndéanfar forbairt, athbhreithniú agus monatóireacht uirthi mar chuid de thimthriall phleanáil straitéiseach, chur i bhfeidhm agus thuairisciú na hollscoile.

## Bunaithe ar Shonraí

Forbróimid gníomhartha CÉI atá bunaithe ar shonraí cuimsitheacha a thagann ónár mbaill foirne agus ár mic léinn agus a bhaineann leo. Beidh tábhacht nach beag ag rúndacht leis an obair seo agus cruthófar agus cothófar iontaoibh leis. Déanfaimid anailís agus measúnú, bunaithe ar ár gcuid sonraí, ar an tionchar a imríonn príomh-idirghabhálacha agus roinnfimid an dul chun cinn le baill foirne agus mic léinn ar dheais CÉI agus i dtuairiscí rialta a chuirfear faoi bhráid Choistí agus fheidhmeanna CÉI.

## Trasnú agus Éagsúlacht Eispéiris an tSaoil

Tá sé mar aidhm againn ionadaíocht a dhéanamh ar éagsúlacht éispéireas an tsaoil mar aon le meonta éagsúla, rud a léireoidh pobal na hollscoile seo againne. Teastaíonn uainn deimhin a dhéanamh de go bhfuil brí ag na gníomhartha atá leagtha amach anseo agus go n-imreoidh siad an tionchar cuí. Eascraíonn na cuspóirí agus na gníomhartha atá leagtha amach anseo as eolas a tháing ónár gcuid ball foirne agus mac léinn. Chomh maith céanna, is mian linn a chinntiú go mbeidh ceannairí éagsúla páirteach i gcur i bhfeidhm an Chreata agus an Phlean Gníomhaíochta seo.

## Saoirse Acadúil agus Saoirse Cainte

Cuid lárnach d'obair CÉI san ollscoil seo is ea saoirse acadúil, saoirse cainte agus fiosrú. Aithnímid nach i gcónaí a chomhaontaíonn daoine aonair lena chéile agus fáiltímid roimh dhearcthaí éagsúla. Spreagaimid plé agus fiosrú machnamhach ionas go bhfoghlaimeoimis óna chéile ar shlí shábháilte, mheasúil agus chomhghleacúil.

# CÚINSÍ COMHIONANNAIS A THUISCINT

**Tá an Creat agus an Plean Gníomhaíochta seo bunaithe ar dheich gcúinse comhionannais:**

1. **Aois**
   Aois an duine (ní bhaineann seo leo siúd atá faoi bhun 16 bliana)

2. **Stádas Sibhialta**
   Stádas sibhialta an duine, bíodh duine singil, pósta, scartha nó colscartha i gceist nó bíodh an duine sin mar bhaintreach, mar pháirtí sibhialta nó mar pháirtí sibhialta tráth dá raibh.

3. **Míchumas**
   Cuimsítear daoine a bhfuil míchumais fhisiciúla, intleachtúla, foghlama, chognaíocha nó mhothúchánacha acu chomh maith le roan de riochtaí sláinte.

4. **Stádas Teaghlaigh**
   Is éard atá i gceist le teaghlach ná daoine atá mar thuismitheoir ar dhuine atá faoi bhun 18 mbliana nó atá mar phríomh-chúramóir cónaithe ar thuismitheoir nó ar dhuine le míchumas.

5. **Inscne**
   Féiniúlacht inscne an duine lena n-áirítear fireann, baineann, trasinscneach nó neamh-dhénártha.*

6. **Ball den Lucht Taistil**
   Aithnítear iad seo mar ghrúpa eitneach.

7. **Cine**
   Cuimsítear anseo cine, dath craicinn, náisiúntacht nó bunús eitneach.

8. **Creideamh**
   Creideamh, cúlra nó dearcadh reiligiúnach an duine nó neachtar acu.

9. **Claonadh Gnéis**
   Claonadh gnéis gach duine lena n-áirítear aerach, leispiach, déghnéasach agus heitrighnéasach.

10. **Stádas Soch-Eacnamaíoch****
   Comh-mheasúnú eacnamaíoch agus sóisialta ar staid eacnamaíoch agus shóisialta an duine i gcomparáid le daoine eile, atá bunaithe ar ioncam agus poist na ndaoine agus a dteaghlaigh.

** Cuimsítear anseo féiniúlachtaí cisinscneacha agus trasinscneacha*

*** Is ann do naoi gcinn de "chúinsí" comhionannais cosanta faoi dhlí na hÉireann. Tá Stádas Soch-Eacnamaíoch mar an deichiú cúinse ag COC. Níl a leithéid cosanta faoi reachtaíocht na hÉireann faoi láthair.*

# SAINMHÍNITHE AGUS GLUAIS

### Muintearas
Ciallaíonn muintearas go gcaitear le gach duine sa tslí chéanna agus go mbraitheann siad mar bhall iomlán de phobal mór inar féidir leo bláthú.

### Leithcheal
Dár leis na hAchtanna um Stádas Comhionann, sainmhínítear leithcheal mar ócáid ina gcaitear le duine ar bhonn nach bhfuil chomh fabhrach le duine eile nó nuair a tharla nó dá dtarlódh amhlaidh in ócáid chosúil faoi na “naoi gcúinse”.

### Éagsúlacht
Ciallaíonn éagsúil difriúil. Is daoine ar leith sinn go léir a bhuí le héagsúlacht lena n-áirítear ár gcúlra, pearsantacht, eispéiris saoil chomh maith le saintréithe. Baineann éagsúlacht le difríochtaí a aithint, meas a léiriú orthu agus mór is fiú a dhéanamh dóibh bunaithe ar ár gcuid tréithe pearsanta agus ar ghnéithe eile dínn mar dhaoine.

### Comhionannas
Baineann comhionannas le cothroime, agus le caitheamh le daoine aonair agus le grúpaí de dhaoine aonair ar bhonn cothrom. Déantar soláthar ar chomhionannas sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2005 agus sna hAchtanna um Stádas Comhionann, 1998-2018 agus cinntítear nach gcaitear le daoine aonair nach bhfuil chomh fabhrach le daoine eile bunaithe ar chúinsí tréithe/ comhionannais chosanta. Meastar le cóir chomhionann go dtéann an tacaíocht chéanna chun sochair do chách nuair a chaitear leo ar bhonn comhionann.

### Cothromas
Ciallaíonn coincheap an chothromais nuair a chaitear le daoine ar bhonn cothroime, tugtar tacaíochtaí éagsúla do dhaoine aonair de réir mar is gá. Chun torthaí cothroma a chinntiú, ní mór fáil réidh leis na bacainní.

### Cearta an Duine
Maidir le cearta an duine, is le cách na cearta bunúsacha mar aon le gach saoirse. Tá na forálacha ar fáil sa dlí idirnáisiúnta a thugann éifeacht dhlíthiúil do chearta an duine. Ghlac na Náisiúin Aontaithe le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine sa bhliain 1948. Leagtar amach sa Dearbhú den chéad uair cearta an duine agus gach saoirse bhunúsach atá ag gach duine daonna gan leithcheal d’aon saghas.

### Ionchuimsiú
Ciallaíonn ionchuimsiú go gcruthaítear cultúr atá bunaithe ar chothromaíocht agus meas, luach agus muintearas, sábháilteacht agus oscailteacht, agus cumhachtú agus fás.

### Gníomh Dearfach
Faoi na hAchtanna, ciallaíonn ‘gníomh dearfach’ gur féidir le fostóirí céimeanna a ghlacadh nach bhfuil ceangal dlíthiúil i gceist leo chun comhionannas a chur chun cinn le haghaidh a gcuid oibrithe go léir.  Is féidir le fostóirí dul i mbun gníomh dearfach go háirithe i dtaca le cúinse na hinscne, daoine atá os cionn 50, daoine le míchumais agus baill an Lucht Taistil.

*Foinse: Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2024*

# FÍS CÉI

An tiomantas do chultúr comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a threisiú ar fud fad na hollscoile i dtreo is go mbraitheann gach duine ag baile anseo agus iad in ann bláthú.

# MISEAN CÉI

Ag obair le chéile le pobal COC chun prionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta, an ionchuimsithe agus an mhuintearais a chothú, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm agus iad sin go léir a bheith sealbhaithe go diongbháilte againn inár gcuid cleachtais agus cultúir.

# CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA CÉI


**Leagtar amach sna cúig chuspóir seo a leanas ár gcuid tosaíochtaí agus sinn ag iarraidh ár gcuid spriocanna CÉI a bhaint amach.**

Díríonn siad ar chúig réimse de shaol na hollscoile:

| | |
|---|---|
| **Bunús**<br>Ceannaireacht CÉI agus tiomantas eagraíochtúil a chothú. | **Tiomantas institiúideach a dhearbhú do chomhionannas do chách arna chothú ag ceannaireacht agus cinnteoireacht chomhoibritheach, acmhainní eagraíochtúla agus comh-chuntasacht i ndáil le CÉI.** |
| **Cultúr**<br>Timpeallacht ionchuimsitheach, mheasúil agus shábháilte a chinntiú | **Deimhin a dhéanamh de gur pobal sábháilte agus fáiltiúil é COC ina mbraitheann gach duine go bhfuil siad ag baile. Ag tacú le peirspictíochtaí agus eispéireas COC atá ionchuimsitheach agus a thacaíonn le mic léinn, baill foirne agus cuairteoirí.** |
| **Rathúlacht**<br>Deiseanna agus gaiscí a sholáthar | **Comhdheiseanna agus torthaí dearfacha a chinntiú i dtreo is gur féidir leis na baill foirne agus na mic léinn go léir a lánacmhainneacht a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar phobal.** |
| **Fás**<br>Barr maise a chur ar oideachas, taighde agus scoláireacht | **Eolas agus scileanna a chothú a chuireann le curaclam, scoláireacht agus taighde ionchuimsitheach atá mar léiriú ar ghrúpaí éagsúla agus ar a gcuid féiniúlachtaí, éispéireas agus cultúr.** |
| **Caidreamh**<br>Tuiscint ar an bpobal a bhfuilimid ag obair leo | **Comhpháirtíochtaí agus caidreamh inmheánach/ seachtrach leis an bpobal a fheabhsú atá bunaithe ar chomhluachanna agus sinn meáite ar chur leis an tsochaí.** |

# ÁR bPÁIRTITHE LEASMHARA

**Leagtar amach thíos na príomh-pháirtithe leasmhara atá i gceist sa Chreat agus Plean Gníomhaíochta CÉI.**





# CUSPÓIRÍ

## CUSPÓIR 1

# BUNÚS: Ceannaireacht CÉI agus Tiomantas Eagraíochtúil a Chothú

### AIDHM STRAITÉISEACH

**Tiomantas institiúideach a dhearbhú do chomhionannas do chách arna chothú ag ceannaireacht agus cinnteoireacht chomhoibritheach, acmhainní eagraíochtúla agus comh-chuntasacht i ndáil le CÉI.**

### SPRIOCANNA

- Ceannaireacht CÉI a neartú ar fud na hollscoile.
- Rialachas CÉI nua agus struchtúir tuairiscithe nua a fhorbairt bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin Luachanna agus Cultúir/ CÉI.
- Deiseanna infheistíochta agus ioncaim in CÉI a aithint.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil áit lárnach ag CÉI i bpríomhchórais athbhreithnithe agus bhainistíochta na hollscoile.

### GNÍOMHARTHA

1. Fochoiste CÉI nua a bhunú faoi scáth Fhoireann Ceannais na hOllscoile (ULT).
2. Gréasán de Sheaimpíní CÉI a fhorbairt i scoileanna/ranna agus aonaid thábhachtacha.
3. Leas-Déin CÉI a cheapadh sna ceithre choláiste.
4. Gradam Airgid Athena *SWAN* a ghnóthú.
5. Na hacmhainní cuí a thabhairt do CÉI ó mhaoiniú lárnach. Lántairbhe a bhaint as deiseanna maoinithe seachtracha agus as tiomsú airgid ón bpobal chun cláir CÉI a chur ar fáil.
6. CÉI le bheith mar chroí-philéar de phróiseas dearbhaithe cáilíochta in COC.
7. CÉI a shealbhú mar chroí-philéar de phróiseas iniúchta na hinstitiúide.
8. Deiseanna digitithe agus uathoibrithe a aithint laistigh de CÉI.
9. Cur le raon cumais Mhol Sonraí CÉI agus deais CÉI tiomanta a fhorbairt.
10. Sraith straitéisí CÉI a fhorbairt chun tacú le ceannairí agus le lucht cinnteoireachta ag leibhéal an aonaid.
11. Measúnú tionchair CÉI a fhorbairt le haghaidh bheartas agus chleachtas na hinstitiúide.

## CUSPÓIR 2

# **CULTÚR:** Timpeallacht Ionchuimsitheach, Mheasúil agus Shábháilte a Chinntiú

### AIDHM STRAITÉISEACH

**Deimhin a dhéanamh de gur pobal sábháilte agus fáiltiúil é COC. Ag tacú le peirspictíochtaí agus eispéireas COC atá ionchuimsitheach agus a thacaíonn le mic léinn, baill foirne agus cuairteoirí.**

### SPRIOCANNA

- Prionsabail CÉI a neartú a thuilleadh chun cur le heispéireas na mac léinn.
- Cosc a chur ar bhulaíocht, ciapadh, agus ciapadh agus foréigean gnéis.
- Dírithe níos mó na riamh ar Dhaoine agus Cultúr/Acmhainní Daonna chun cultúr COC a chothúmar aon le héiceachóras CÉI.

### GNÍOMHARTHA

1. Polasaí agus Ráiteas CÉI tiomanta a fhorbairt agus a sheoladh do mhic léinn agus don fhoireann.
2. Creat iompair ghairmiúil nua, atá bunaithe ar luachanna, a fhorbairt le haghaidh na mball foirne chun timpeallacht ionchuimsitheach oibre a chothú.
3. Iniúchadh a dhéanamh ar mhol neamhspleách a bhunú le haghaidh na mac léinn agus na mball foirne ar mhaithe le dínit agus meas inar féidir tuairisciú a dhéanamh agus tacaíocht a fháil.
4. Creat Toilithe an ÚAO a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Beartas agus Gnáthamh Mí-Iompair Gnéis in COC maille leis na tacaíochtaí ábhartha do mhic léinn agus do bhaill foirne.
5. Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas Ciníocha de chuid an ÚAO a chur i bhfeidhm do mhic léinn agus do bhaill foirne.
6. Tacaíochtaí agus cóiríochtaí míchumais agus néara-éagsúlachta a fheabhsú.
7. Tacaíochtaí a fheabhsú do mhic léinn agus baill foirne bhreacaosta agus creidiúnú mar Ollscoil Aoisbháúil a ghnóthú.
8. Creat a fhorbairt le haghaidh mac léinn agus ball foirne ar cúramóirí iad.
9. Scéim bhliantúil dhámhachtainí CÉI a bhunú do mhic léinn agus do bhaill foirne.
10. Tionól CÉI bliantúil a reáchtáil - fóram inar féidir le mic léinn agus baill foirne dul i gcomhairle mar gheall ar ghníomhartha CÉI.
11. Ráta freagartha a mhéadú ar Chomhairliúchán Luachanna agus Cultúir/CÉI le mic léinn agus baill foirne a tharlaíonn dhá uair sa bhliain, agus am fhaisnéis a roinnt ar mhaithe le trédhearcacht agus cuntasacht.

## CUSPÓIR 3

# RATHÚLACHT: Deiseanna agus Gaiscí a Sholáthar

### AIDHM STRAITÉISEACH

**Comhdheiseanna agus torthaí dearfacha a chinntiú do na mic léinn agus na baill foirne go léir.**

### SPRIOCANNA

- Na prionsabail um Dhearadh Uilíoch a chothú chun cur le heispéireas na mac léinn agus chun inrochtaineacht agus ionchuimsiú a chinntiú sna timpeallachtaí foghlama go léir.
- Earcaíocht agus tacaíochtaí feabhsaithe don fhoireann chun deimhin a dhéanamh de go spreagtar daoine as gach cúlra chun obair agus fanacht in COC.
- Acmhainní agus tacaíochtaí breise d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus tacaíocht na foirne atá ann cheana féin.

### GNÍOMHARTHA

1. Clár oiliúna CÉI nua a fhorbairt do na mic léinn agus na baill foirne go léir.
2. Cur le húsáid na hinrochtaineachta ar na bogearraí iniúchta, Anthology Ally, ar thimpeallacht fhíorúil foghlama (VLE) chun cur leis an rochtain ar ábhair na gcúrsaí.
3. Cur le méid na ndaoine a ghlacann le teimpléad VLE Inrochtana COC chun eispéireas leanúnach a chinntiú do mhic léinn mar aon le dearadh cúrsaí atá níos ionchuimsithe agus níos inrochtana.
4. An creidiúnú mar Ollscoil Tearmainn a athnuachan agus Tearmann in COC a neartú agus a threisiú a thuilleadh.
5. Deimhin a dhéanamh de go bhfuil CÉI leabaithe i bpróisis earcaithe agus ionduchtaithe na foirne.
6. Cinntiú go bhfuil critéir CÉI san áireamh in athbhreithniú feidhmíochta na foirne agus sa phróiseas forbartha gairme.
7. Creat agus Plean Gníomhaíochta Folláine atá dírithe ar an bhfoireann a fhorbairt/a chur i bhfeidhm.
8. Polasaí tiomanta um Chothromaíocht Oibre is Saoil a fhorbairt mar thaca le hobair chumaisc/sholúbtha do bhaill foirne.
9. Comhairliúchán CÉI tiomanta a dhéanamh le foireann taighde agus le foireann tacaíochta taighde chun bunphróifíl tuisceana agus cleachtais CÉI a fhorbairt i gcúrsaí taighde agus nuálaíochta.

**CUSPÓIR 4**

# FÁS: Barr maise a Chur ar Oideachas, Taighde agus Scoláireacht

## AIDHM STRAITÉISEACH

**Eolas agus scileanna CÉI treisithe a chuirfidh le curaclam, scoláireacht agus taighde ionchuimsitheach agus atá mar léiriú ar ghrúpaí éagsúla ó thaobh féiniúlachta, eispéiris agus cultúr de.**

## SPRIOCANNA

- Eolas agus tuiscint ar CÉI a fheabhsú i measc mhic léinn agus bhaill foirne COC.
- Forbairt bhreise a dhéanamh ar chumas na foirne maidir le hinrochtaineacht dhigiteach ar mhaithe le teagasc, foghlaim agus measúnú chun cleachtais oideachais ionchuimsitheacha a fheabhsú.
- Tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a imríonn taighde COC ar thorthaí CÉI agus é seo a chur in iúl ar bhonn níos leithne.
- Cur chuige a fhorbairt chun an dul chun cinn a mheas agus chun tuairisciú a dhénamh air sin i ndáil le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 5 agus 10 (agus leas a bhaint as Rangú Times Higher Education maille le Rangú Thionchar na nOllscoileanna Domhanda agus Rangú Inbhuanaithe QS).
- COC a chur chun cinn mar áit ina ndéantar ceiliúradh ar gach féiniúlacht agus cultúr agus ina gcothaítear tuiscint idirchultúrtha faoi réir ag ár gcuid luachanna agus iompraíochtaí.

## GNÍOMHARTHA

1. Ionad Bairr Feabhais CÉI an Churaclaim, an taighde agus na Nuálaíochta a bhunú chun oiliúint agus oideachas CÉI a chomheagrú agus a sholáthar.
2. Micri-dhintiúr CÉI a fhorbairt agus tionscnamh idir-dháimhe ar fud na hollscoile a chomheagrú chun na cúrsaí ar fad a bhaineann le CÉI a thabhairt le chéile in aon áit amháin.
3. Leanúint leis an dea-chleachtas agus cur le Teagasc, Foghlaim agus Measúnú atá ionchuimsitheach
4. Tús a chur le Suaitheantas i nDearadh Uilíoch le haghaidh Bhaill Foirne na Seirbhísí Gairmiúla agus na Bainistíochta (PMSS).
5. Tabhairt faoi iniúchadh inrochtana digití ar acmhainní teagaisc agus foghlama.
6. Leanúint le dea-chleachtas a léiriú agus le teagasc agus foghlaim, pleanáil churaclaim agus measúnú ó thaobh CÉI de.

7. Tabhairt faoi Mheasúnú ar Ionchuimsiú na Chéad Bhliana i ngach clár fochéime sna ceithre choláiste.

8. Próiseas bainistithe sonraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ndáil le SDG 5 agus 10.

9. Scéim Deontas bhliantúil le haghaidh Taighde Luath-Ghairme agus Nuálaíochta d'acadóirí, taighdeoirí agus cleachtóirí ó ghrúpaí gannionadaíochta a bhunú.

10. Scoláireacht a spreagadh maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú ionchuimsitheach.

11. Oiliúint a fhorbairt agus a sheoladh do bhaill foirne agus mic léinn ar chumas idirchultúrtha agus ar an ilchultúrachas.

**CUSPÓIR 5**

# **CAIDREAMH:** Tuiscint ar an bPobal a bhfuilimid ag obair leo

## AIDHM STRAITÉISEACH

**Comhpháirtíochtaí agus caidreamh inmheánach/seachtrach leis an bpobal a fheabhsú atá bunaithe ar chomhluachanna agus sinn meáite ar chur leis an tsochaí.**

## SPRIOCANNA

- Cur leis an gcaidreamh le pobal neamhfhoirmiúil CÉI/gréasán an phobail chun tacú, oibriú agus seasamh lena chéile ar bhonn comhaontaithe.
- Caidreamh a dhéanamh lenár soláthraithe/ndíoltóirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar CÉI agus chun tacú leo agus a gcuid straitéisí/ráiteas CÉI féin á bhforbairt acu.
- Caidreamh a dhéanamh leis an Oifig Inbhuanaitheachta chun deimhin a dhéanamh de CÉI agus go bhfuil an t-athrú cóir i lár an aonaigh in obair SDG uile chun go gcuirtear san áireamh iad siúd go léir a n-imreoidh an t-athrú aeráide an tionchar is mó orthu.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil CÉI ina théama uilíoch i gcumarsáidí institiúideacha agus sa phlean margaíochta.

## GNÍOMHARTHA

1. Leanúint den chomhoibriú le gréasáin na foirne agus acmhainní a chur ar fáil dóibh (LADT+, Mná, Comhionannas Ciníocha, Míchumas agus Néara-Éagsúlacht, Cúramóirí).
2. Caidreamh a dhéanamh leis an ÚAO chun plean gníomhaíochta náisiúnta LADT+ san ardoideachas agus an tuairisciú ábhartha a fhorbairt.
3. Gréasáin foirne nua do Thuismitheoirí agus do Dhaoine Breacaosta a bhunú.
4. Dlúthchaidreamh a dhéanamh le Coiste Comhionannais Aontas na Mac Léinn chun clár oibre CÉI a sholáthar.
5. Oiliúint agus sraith acmhainní CÉI a fhorbairt agus a roinnt le clubanna agus cumann na mac léinn agus le gréasáin na foirne in COC.
6. Creat um Chearta an Duine a fhorbairt agus a sholáthar do sholáthraithe/dhíoltóirí seachtracha de chuid COC.
7. Comhdháil náisiúnta CÉI a eagrú agus a óstáil in COC.
8. Creat cuimsitheach cumarsáide agus margaíochta a chruthú agus a chur ar fáil do COC lena n-áirítear plean gníomhaíochta cumarsáide inmheánach ina bpléitear le CÉI.
9. Féilire imeachtaí CÉI a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina bhfuil imeacht ardáin bliantúil thart ar sheachtain CÉI

# TORTHAÍ

**Tugtar anseo thíos cuid de na torthaí ionchasacha de Chreat agus Plean Gníomhaíochta CÉI 2025-2028:**

## BUNÚS

- Ceannaireacht agus Rialachas CÉI feabhsaithe.
- Infheistíocht bharrfheabhsaithe in CÉI.
- Cuntasacht mhéadaithe a bhaineann le CÉI.

## CULTÚR

- Cultúr ina bhfuil comh-mheas go smior ann.
- Trédhearcacht mhéadaithe.
- Meanma fheabhsaithe na mac léinn agus na foirne.
- Sonraí feabhsaithe ar dhul chun cinn CÉI san ollscoil/coláistí/scoileanna/aonaid.

## RATHÚLACHT

- Deiseanna agus torthaí cothroma do mhic léinn agus baill foirne.
- Comhtháthú acadúil, taighde agus na foirne gairmiúla.
- Cumais éagsúla a mhealladh agus a bharrfheabhsú.
- Sásamh poist feabhsaithe.

## FÁS

- Tuiscint agus feasacht mhéadaithe ar CÉI i measc na mball foirne agus na mac léinn.
- Feabhas ionchuimsitheach i dteagasc, foghlaim agus taighde.

## CAIDREAMH

- Plé leanúnach agus feabhsaithe laistigh de phobal COC agus lasmuigh de.
- Iontaofacht agus trédhearcacht mhéadaithe.
- Freagrúlacht bharrfheabhsaithe i dtaca le ceisteanna CÉI laistigh de phobal na hollscoi

# MAOIRSEACHT, MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

## Rialachas

Mar thaca leis an gCreat agus an Plean Gníomhaíochta seo a sholáthar, cuirfimid tús le sruchtúr rialachais cuimsitheach nua le haghaidh CÉI. Cuimsítear anseo Fochoiste Daoine, Cultúir agus CÉI tiomanta de cuid an Údaráis Rialaithe (a bunaíodh i mí Lúnasa 2024) agus Fochoiste CÉI de chuid Fhoireann Ceannais na hOllscoile (a bhunófar i mí na Nollag 2024). Buailfidh an dá Choiste seo lena chéile idir 4 agus 6 uaire in aghaidh na bliana. Cuimseofar ann chomh maith ceithre mheitheal a phléifidh le Athena *SWAN*, Toiliú, Míchumas agus Néara-Eolaíocht agus Comhionannas Ciníocha.

Tá sé mar phríomhchuspóir againn go mbeidh CÉI go smior inár gcuid polasaithe, celachtas agus cinnteoireachta. Tacófar leis seo ach Gréasán Sheaimpíní CÉI uile-ollscoile a bhunú agus ceapfar ceathrar Leas-Déan um CÉI sna ceithre choláiste.

Ceapadh Stiúrthóir CÉI (faoi choimirce Oifig an Leas-Uachtaráin agus Chláraitheora) sa bhliain 2018 agus tá an té sin i gceannas ar chlár oibre CÉI. Treoraíonn Foireann an Aonaid CÉI cur i bhfeidhm ár gcuid oibre CÉI i gcomhpháirt le comhghleacaithe agus mic léinn ó phobal uile na hollscoile.

Comhoibríonn Rochtain COC le comphairitihte pobail chun cláir for-rochtana a sholáthar a mhealleann mic léinn éagsúla agus úsáideann an t-aonad céanna samhail shaolré na mac léinn chun tacaíocht a thabhairt ag gach céim, ó theacht isteach an chéad lá go dtí bronnadh na céime agus ina dhiaidh sin fiú. Agus bealaí malartacha iontrála á gcur ar fáil aige, téann COC i ngleic leis an bacainní a bhíonn os comhair grúpaí gannionadaíochta, lena n-áirítear mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste soch-eacnamaíoch, an Lucht Taistil agus an pobal Romach, agus mic léinn faoi mhíchumas. Tá na hiarrachtaí seo deartha chun rochtain, coinneáil agus rathúlacht a chur chun cinn le linn thuras na mac léinn ina iomláine.

Oibrímid chomh maith i gcomhpháirt le Coistí CÉI ag leibhéal na gcoláistí agus na n-aonad, chomh maith le gréasáin CÉI na foirne, Aontas na Mac Léinn de chuid COC, agus cumainn na Mac Léinn a bhfuil baint acu le CÉI chun an plean uaillmhianach atá leagtha amach sa Chreat agus sa Phlean Gníomhaíochta seo a thabhairt chun críche.

## Monatóireacht agus Measúnú

Eiseofar suirbhéanna CÉI na foirne agus na mac léinn gach dhá bhliain chun deimhin a dheanamh de go ndéanaimid an tionchar a mheas agus go n-aithneoimid réimsí nua in obair CÉI.

Roinnfimid tuairiscí míosúla ar an dul chun cinn ar an Nuachtlitir CÉI/suíomh idirlín CÉI, ar dheais nua CÉI agus i dTuarascáil Bhliantúil CÉI.

Déanfar athbhreithniú seachtrach ar Chreat agus Plean Gníomhaíochta CÉI in 2028.

# AGUISÍN

## Spriocanna agus Slat Tomhais ar Dhul chun Cinn de réir Cuspóra

**Cuspóir 1: BUNÚS:**
Ceannaireacht CÉI agus Tiomantas Eagraíochtúil a Thógáil

| Uimh | Gníomh | Slat Tomhais ar Dhul chun Cinn | Tréimhse | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Fochoiste CÉI nua de chuid Fhoireann Ceannais na hOllscoile a bhunú. | Fochoiste CÉIM nua le haghaidh CÉI tionólta/ ionadaí ó phobal COC chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chreat agus Phlean Gníomhaíochtaí CÉI agus chun tacú leis sin.<br><br>Meithleacha bunaithe le haghaidh Athena *SWAN*, ESVH, Comhionannais Ciníocha agus Míchumais/ Néara-Éagsúlachta. | Geimhreadh 2024 | An tUachtarán; an Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; Stiúrthóir CÉI |
| 1.2 | Gréasán de Sheaimpíní CÉI a fhorbairt i scoileanna/ranna agus aonaid thábhachtacha. | Gréasán de Sheaimpíní CÉI forbartha.<br><br>Oiliúint agus sraitheanna acmhainní CÉI curtha ar fáil do Sheaimpíní CÉI.<br><br>Aitheantas ar a bhfuil curtha le CÉI in arduithe céime agus i scéimeanna bainistíochta feidhmíochta. | Samhradh 2025 ar aghaidh | Stiúrthóir CÉI |
| 1.3 | Leas-Déin CÉI a cheapadh sna ceithre choláiste. | Leas-Déin CÉI ceaptha i ngach ceann de na ceithre Choláiste. | Earrach 2025 | Cinn na gColáistí |
| 1.4 | Gradam Airgid Athena *SWAN* a ghnóthú. | Gradam airgid Athena *SWAN* gnóthaithe. | Fómhar 2025 | An Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; Stiúrthóir CÉI |
| 1.5 | Acmhainní cuí a thabhairt do CÉI trí chroí-mhaoiniú inmheánach agus lántairbhe a bhaint as deiseanna maoinithe seachtracha chun cláir CÉI a sholáthar. | % de mhéadú maoinithe le haghaidh CÉI ó chroí-shruthanna maoinithe agus ó shruthanna maoinithe seachtracha. | Leanúnach | An Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; an Príomhoifigach Airgeadais; an Stiúrthóir Alumni agus Forbartha |
| 1.6 | CÉI a leabú mar chroí-philéar de phróiseas dearbhaithe cáilíochta COC. | Méadracht CÉI comhaontaithe agus leabaithe in athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta na gcoláistí/na scoileanna/na n-aonad. | Earrach 2025 ar aghaidh | An Stiúrthóir um Dhearbhú Cáilíochta |
| 1.7 | CÉI a leabú mar chroí-philéar de phróiseas iniúchta na hinstitiúide. | Méadracht agus treoirlínte CÉI curtha san áireamh i bpróiseas iniúchta na hinstitiúide. | Samhradh 2025 ar aghaidh | Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí |

| **Cuspóir 1: BUNÚS:** Ceannaireacht CÉI agus Tiomantas Eagraíochtúil a Thógáil | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.8 | Deiseanna digitithe agus uathoibrithe a aithint laistigh de CÉI. | Iniúchadh ar chur i bhfeidhm CÉI agus réimsí CÉI a aithint ar féidir iad a dhigitiú nó a uathoibriú. | Earrach 2025 ar aghaidh | An tIonad um Chomhairliúchán Digiteach; Stiúrthóir CÉI |
| 1.9 | Cur leis na cumais a bheidh ag Mol CÉI agus Deais CÉI tiomanta a fhorbairt. | Athmhúnlú ar ailtireacht agus ar idiréadan Shonraí CÉI forbartha agus seolta.<br><br>Feachtas ar mhaithe le nochtadh deonach CÉI déanta ar bhonn bliantúil chun barr maise a chur ar bhailiú sonraí CÉI. | Earrach 2025 ar aghaidh | Anailísí Shonraí CÉI; Córais Faisnéise na nAcmhainní Daonna; Stiúrthóir TF |
| 1.10 | Sraith acmhainní CÉI a fhorbairt chun tacú le ceannairí ollscoile agus le lucht cinnteoireachta ag leibhéal an aonaid chun CÉI a mheas d'aon ghnó mar chuid dá bpróisis chinnteoireachta. | Sraith acmhainní cinnteoireachta CÉI forbartha.<br><br>Sraith acmhainní curtha san áireamh ar theimpléad an chláir oibre ag na príomh-chomhlachais chinnteoireachta.<br><br>Oiliúint do chathaoirligh maidir le coistí/grúpaí cinnteoireachta. | Earrach 2026 | Stiúrthóir CÉI; baill ULT; Seirbhísí Fostaithe agus Forbartha na nAcmhainní Daonna |
| 1.11 | Measúnú tionchair CÉI a fhorbairt le haghaidh bheartas agus chleachtas na hinstitiúide. | Measúnú tionchair CÉI le haghaidh bheartas agus chleachtas na hinstitiúide forbartha mar léiriú ar thionchar na mbeartas agus na gcleachtas ar ghrúpaí éagsúla de bhaill foirne agus mic léinn.<br><br>Ceisteanna ionchasacha a aithint agus pleanáil ghníomhaíochtaí a bhaineann le beartas agus cleachtas atá comhtháite le CÉI. | Samhradh 2026 | Grúpa Athbhreithnithe Pholasaithe CÉI; Seirbhísí Fostaithe agus Forbartha na nAcmhainní Daonna |

## **Cuspóir 2: CULTÚR:**
## Cultúr Ionchuimsitheach, Sábháilte agus Measúil a Chinntiú

| Uimh | Gníomh | Slat Tomhais ar Dhul chun Cinn | Tréimhse | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|---|
| 2.1 | Polasaí agus Ráiteas CÉI tiomanta a fhorbairt do Bhaill Foirne agus Mic Léinn. | Polasaí agus Ráiteas CÉI seolta/curtha i bhfeidhm. | Geimhreadh 2025 | Stiúrthóir CÉI; an Grúpa Athbhreithnithe Polasaí |
| 2.2. | Creat iompair ghairmiúil nua, atá bunaithe ar luachanna, a fhorbairt le haghaidh na mball foirne chun timpeallacht oibre ionchuimsitheach a chothú. | Creat iompair ghairmiúil forbartha agus curtha i bhfeidhm.<br><br>Comhtháite le próiseas ionduchtaithe foirne agus le tionscnaimh ábhartha foghlama agus forbartha do cheannairí agus bainisteoirí. | Geimhreadh 2025<br><br>Earrach 2026 | An Príomh-Oifigeach Daoine agus Cultúir; Seirbhísí Fostaithe agus Forbartha na nAcmhainní Daonna |
| 2.3 | Iniúchadh a dhéanamh ar mhol neamhspleách a bhunú ar mhaithe le dínit agus meas inar féidir tuairisciú a dhéanamh agus tacaíocht a fháil. | An gníomh iniúchta curtha i gcrích.<br><br>Mol bunaithe in COC, a bhfuil na hacmhainní cuí aige, ar maithe le Tuairisciú agus Tacaíocht agus é mar thacaíocht agus treoir do ghearáin/iarratais ó bhaill foirne agus mic léinn i dtaca le tacaíocht. | Earrach 2025 — Samhradh 2027 | An Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; Stiúrthóir CÉI; An Príomh-Oifigeach Daoine agus Cultúir; an Rúnaí Corparáideach |
| 2.4 | Creat Toilithe an ÚAO a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Polasaí agus Gnáthamh Mí-Iompair Gnéis in COC agus na tacaíochtaí ábhartha le haghaidh ball foirne agus mac léinn. | Plean Feidhmithe chun Deireadh a chur le Ciapadh agus Foréigean Gnéis (ESVH) ón ÚAO, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Pholasaí Mí-Iompair Gnéis. | Earrach 2025 — Fómhar 2025 | An Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; An Príomh-Oifigeach Daoine agus Cultúir; Stiúrthóir CÉI; An Clár um Idirghabháil na bhFéachadóirí |
| 2.5 | Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas Ciníocha an ÚAO le cur i bhfeidhm do bhaill foirne agus mic léinn. | Gníomhartha atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Ciníocha an ÚAO curtha i bhfeidhm. | Earrach 2025 — Geimhreadh 2028 | Stiúrthóir CÉI; an Gréasán um Chomhionannas Ciníocha |
| 2.6 | Tacaíochtaí agus cóiríochtaí míchumais agus néara-éagsúlachta a fheabhsú. | Plean Gníomhaíochta Míchumais agus Néara-Éagsúlachta don Fhoireann forbartha/curtha i bhfeidhm.<br><br>Polasaí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann seolta | Earrach 2025 — Geimhreadh 2028<br><br>Fómhar 2025 | Stiúrthóir CÉI |
| 2.7 | Tacaíochtaí do bhaill foirne bhreacaosta a fheabhsú. | Creidiúnú mar Ollscoil Aoisbháúil a bhaint amach. | Earrach - Geimhreadh 2026 | Stiúrthóir CÉI |

| **Cuspóir 2: CULTÚR:**<br>Cultúr Ionchuimsitheach, Sábháilte agus Measúil a Chinntiú | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2.8 | Creat a fhorbairt do bhaill foirne agus mic léinn atá ina gcúramóirí | An Polasaí um Shaoire do Chúramóirí agus na tacaíochtaí cuí a athbhreithniú.<br><br>% de mhéadú ar ráta sásaimh i dtaca leis na tacaíochtaí do bhaill foirne atá ina gcúramóirí. | Earrach – Geimhreadh 2026 | Stiúrthóir CÉI; Gréasán na gCúramóirí |
| 2.9 | Scéim dhámhachtainí CÉI a bhunú. | Scéim bhliantúil dhámhachtainí CÉI bunaithe do bhaill foirne agus mic léinn - ag an leibhéal aonair agus ag leibhéal an aonaid. | Fómhar gach bliain | Stiúrthóir CÉI |
| 2.10 | Teacht le Chéile CÉI bliantúil a bhunú. | Teacht le Chéile bliantúil CÉI tionólta – fóram do bhaill foirne agus mic léinn chun comhairle a fháil ar ghníomhartha CÉI. | Samhradh gach bliain | Stiúrthóir CÉI |
| 2.11 | Comhairliúchán Luachanna agus Cultúir/CÉI le mic léinn agus baill foirne a reáchtáil gach dhá bhliain. | 50% an ráta freagartha ó bhaill foirne agus >5% mar ráta freagartha ó mhic léinn le próisis chomhairliúcháin CÉI.<br><br>Torthaí agus moltaí na gcomhairliúchán le foilsiú chun trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú. | Fómhar 2026; Fómhar 2028 | Stiúrthóir CÉI; Anailísí Shonraí CÉI; Córais Faisnéise na nAcmhainní Daonna (HRIS); Mac Léinn |

## Cuspóir 3: RATHÚLACHT:
Deiseanna agus Gaiscí a Sholáthar

| Uimh | Gníomh | Slat Tomhais ar Dhul chun Cinn | Tréimhse | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Clár oiliúna CÉI nua a fhorbairt le haghaidh na mball foirne agus na mac léinn. | Clár éigeantach oiliúna CÉI nua ar líne forbartha/seolta le haghaidh na mball foirne go léir ar workwiz. % den ráta críochnaithe. | Earrach 2026 — Samhradh 2027 | Stiúrthóir CÉI; Stiúrthóir TF; an Stiúrthóir um Bainistíocht Riosca Fiontair |
| 3.2. | Cur le húsáid na mbogearraí iniúchta Inrochtaineachta, Anthology Ally, ar an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (VLE) chun feabhas a chur ar an teacht atá ann ar ábhair cúrsaí. | Méadú le teacht ar scór inrochtaineachta ábhair VLE (Canvas). | Earrach 2025 ar aghaidh | An Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; Bainisteoir COC Ionchuimsithigh; |
| 3.3. | Cur le méid na ndaoine a ghlacann le teimpléad VLE Inrochtana COC chun eispéireas leanúnach a chinntiú do mhic léinn mar aon le dearadh cúrsaí atá níos ionchuimsithe agus níos inrochtana. | Teimpléad VLE Inrochtana COC a bhunú mar ghnáth-theimpléad gach modúil nua. | Fómhar 2025 ar aghaidh. | An Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; Bainisteoir COC Ionchuimsithigh; |
| 3.4 | Deimhin a dhéanamh de go bhfuil CÉI leabaithe i bpróisis earcaithe agus ionduchtaithe na foirne. | Méadú ar líon na foirne ó chúlraí mionlaigh agus gannionadaíochta. | Earrach — Samhradh 2026 | An Príomhoifigeach Daoine agus Cultúir; an Bainisteoir Earcaíochta |
| 3.5. | Cinntiú go bhfuil critéir CÉI san áireamh in athbhreithniú feidhmíochta na foirne agus sa phróiseas forbartha gairme. | Critéir CÉI agus measúnú a dhéanamh an athbhreithniú céanna nua le haghaidh fheidhmíocht na foirne agus phróiseas forbartha gairme na foirne. | Geimhreadh 2025 | An Príomhoifigeach Daoine agus Cultúir; Seirbhísí Fostaithe agus Forbartha na nAcmhainní Daonna |
| 3.6 | Polasaí cothromaíochta oibre is saoil a fhorbairt mar thaca le hobair chumaisc/sholúbtha do bhaill foirne. | Polasaí Cothromaíochta Oibre is Saol seolta | Samhradh 2025 | An Príomhoifigeach Daoine agus Cultúir |
| 3.7 | Creat agus Plean Gníomhaíochta Fholláine na Foirne tiomanta a fhorbairt chun cultúr fholláine na foirne a leabú ar fud na hollscoile agus córais, polasaithe agus acmhainní a fheabhsú ar mhaithe le heispéireas na foirne i gcoitinne. | Creat agus Plean Gníomhaíochta Fholláine na Foirne forbartha/seolta ina bhfuil cur chuige bunaithe ar shonraí chun feabhsú agus tionscnaimh folláine a ghlacadh ar bhonn leanúnach.<br><br>Measúnaithe bliantúla ar fholláine na foirne curtha i gcrích. | Fómhar 2025 | An Príomhoifigeach Daoine agus Cultúir; Fostaithe agus Forbairt Eagraíochtúil na nAcmhainní Daonna |

| **Cuspóir 3: RATHÚLACHT:** Deiseanna agus Gaiscí a Sholáthar | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 3.8 | An creidiúnú mar Ollscoil Tearmainn a athnuachan agus Tearmann in COC a neartú agus a threisiú a thuilleadh. | Athnuachan ar chreidiúnú mar Ollscoil Tearmainn<br><br>% de mhéadú ar scoláireachtaí Tearmainn<br><br>Sruthanna maoinithe fadtéarmacha ábhartha a aithint. | Earrach 2025<br><br>Fómhar 2025 ar aghaidh.<br><br>Fómhar 2025 ar aghaidh. | An Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda |
| 3.9. | Comhairliúchán CÉI tiomanta a dhéanamh le foireann taighde agus le foireann tacaíochta taighde chun bunphróifíl tuisceana agus cleachtais CÉI a fhorbairt i gcúrsaí taighde agus nuálaíochta. | % de mhéadú ar chaidreamh na mball foirne taighde agus tacaíochta taighde le comhairliúchán CÉI.<br><br>Réimsí tacaíochtaí CÉI do thaighdeoirí a aithint tar éis comhairliúchán agus tagarmharcáil a dhéanamh agus Fóram Thaighde CÉI a chur ar bun.<br><br>Cur le tuiscint CÉI i measc taighdeoirí agus foireann tacaíochtaí taighde.<br><br>Na huirlisí cuí CÉI a fhorbairt a chuirfidh ar chumas taighdeoirí agus foireann tacaíochta taighde CÉI a leabú sa chleachtas laethúil chun athrú (Cultúr Taighde) a chruthú | Samhradh 2025; Samhradh 2027 | An Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta; Stiúrthóir CÉI |

## **Cuspóir 4: FÁS:**
Barr maise a Chur ar Oideachas, Taighde agus Scoláireacht

| Uimh | Gníomh | Slat Tomhais ar Dhul chun Cinn | Tréimhse | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|---|
| 4.1 | Ionad Bairr Feabhais CÉI an Churaclaim, an taighde agus na Nuálaíochta a bhunú chun oiliúint agus oideachas CÉI a chomheagrú agus a sholáthar. | Na baill foirne go léir atá i mbun teagaisc agus taighde a bhaineann le CÉI bailithe le chéile agus Ionad Bairr Feabhais CÉI an Churaclaim, an taighde agus na Nuálaíochta de chuid COC bunaithe. | Earrach 2026 ar aghaidh | An Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; Stiúrthóir CÉI, an Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta; |
| 4.2 | Micri-dhintiúr CÉI a fhorbairt agus tionscnamh idir-dháimhe ar fud na hollscoile a chomheagrú chun na cúrsaí ar fad a bhaineann le CÉI a thabhairt le chéile in aon áit amháin | Micri-dhintiúr CÉI cúig chreidiúint seolta le haghaidh ball foirne. % de ráta críochnaithe na foirne.<br><br>Féidearthachtaí chun é a chur ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta ar chostas ar ball. | Earrach 2025 — Samhradh 2026 | Stiúrthóir CÉI; an Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; Foireann Tionscadail MicroCreds |
| 4.3. | Tús a chur le Suaitheantas i nDearadh Uilíoch d'Fhoireann na Seirbhísí Gairmiúla. | Tógann foireann COC an Suaitheantas i nDearadh Uilíoch. | Earrach 2025 ar aghaidh | An Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; Bainisteoir COC Ionchuimsithigh |
| 4.4 | Leanúint le dea-chleachtas a léiriú agus cur le teagasc, foghlaim agus measúnú atá ionchuimsitheach. | Forbairt foirne atá ann cheana féin ina gcothaítear Teagasc, Foghlaim agus Measúnú atá barrfheabhsaithe.<br><br>Suaitheantas Digiteach um Measúnú Ionchuimsitheach do bhaill foirne agus samplaí d'athruithe sa chleachtas curtha i bhfeidhm.<br><br>Leanúint leis an soláthar a dhéantar ar shuaitheantas um Dhearadh Uilíoch na Foghlama.<br><br>Cur le méid na maoirseoirí taighde a thugann faoin micri-dhindiúr *"TL6010 Inclusive Academic Practice for Research Supervision"* | Earrach 2025 ar aghaidh<br><br>Earrach 2025 ar aghaidh<br><br>Earrach 2025 ar aghaidh<br><br>Earrach 2025 ar aghaidh | An Leas-Uachtarán Teagaisc agus Foghlama; foireann CIRTL |
| 4.5. | Tabhairt faoi iniúchadh inrochtana digití ar acmhainní teagaisc agus foghlama | Bonnlíne a bhunú ar an rochtain reatha ar ábhair foghlama, foirmeacha ar líne agus ardáin. | Earrach — Fómhar 2027 | An Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir; Bainisteoir COC Ionchuimsithigh |

| **Cuspóir 4: FÁS:**<br>Barr maise a Chur ar Oideachas, Taighde agus Scoláireacht | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.6 | Leanúint leis an tacaíocht a thugtar d'inrochtaineacht dhigiteach ach deiseanna forbartha foirne a hcur ar fáil. | 'TL6009 Digital Education for Teaching and Learning in Higher Education' le hathrú mar mhicri-dhintiúr, Rannpháirtíocht na foirne méadaithe ann.<br><br>Saincheardlanna curtha ar fáil chun go sealbhódh baill foirne na huirlisí ábhartha. | Earrach 2025 ar aghaidh<br><br>Earrach 2025 | Foireann CIRTL |
| 4.7. | Athbhreithniú ar Mheasúnú na Chéad Bhliana sna cláir fochéime go léir sna ceithre Choláiste. | Creat um Measúnú na Chéad Bhliana curtha i gcrích agus na moltaí curtha i bhfeidhm. | Earrach 2025 — Geimhreadh 2026 | Déan an Staidéir Fo- agus Iarchéime |
| 4.8 | Iniúchadh a dhéanamh ar thaighde COC i bhfianaise CÉI/ SDG 5 agus 10 agus tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí chun tuiscint a fháil ar thionchar a gcuid oibre ar na réimsí seo. | Tuiscint níos fearr agus anailís ar bhearnaí de thorthaí taighde COC a bhaineann le comhionannas inscne (SDG 5) agus le cúinsí comhionannais i gcoitinne (SDG 10). | Samhradh — Geimhreadh 2026 | Stiúrthóir CÉI, an Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta; an tOifigeach Sonraí agus Taighde Institiúidigh |
| 4.9 | Scéim Deontas bhliantúil CÉI Luath-Ghairme a bhunú le haghaidh acadóirí, taighdeoirí agus cleachtóirí. | Scéim deontas tosaithe le haghaidh acadóirí, taighdeoirí agus cleachtóirí luath-ghairme ó ghrúpaí gannionadaíochta le bronnadh ar bhonn bliantúil. | Earrach 2026 ar aghaidh | Stiúrthóir CÉI; an Leas0Uachtarán agus an Cláraitheoir; an Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta |
| 4.10 | Scoláireacht a spreagadh maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú atá ionchuimsitheach | Sainghairm forbartha chun rannpháiritithe a spreagadh sa Mháistreacht i dTaighde agus Foghalim chun díriú ar theagasc, foghlaim agus measúnú ata ionchuimsitheach mar ábhar taighde acu. | Earrach 2026 | CIRTL |
| 4.11 | Cúrsa oiliúna a fhorbairt/a sheoladh ar chumas idirchultúrtha agus ar an ilchultúrachas. | Cumas na mball foirne agus na mac léinn a mhéadú ach an t-eolas agus na scileanna a shealbhú mar gheall ar na féiniúlachtaí, na heispéiris agus na cultúir atá ag grúpaí éagsúla. % de ráta dearfach freagrachta i suirbhé na mball foirne agus na mac léinn. | Samhradh — Geimhreadh 2027 | An Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda; Stiúrthóir CÉI |

## Cuspóir 5: CAIDREAMH:
Tuiscint ar an bPobal a bhfuilimid ag obair leo

| Uimh | Gníomh | Slat Tomhais ar Dhul chun Cinn | Tréimhse | Úinéir an Ghnímh |
|---|---|---|---|---|
| 5.1 | Leanúint de bheith ag obair i gcomhpháirt le gréasáin na foirne agus acmhainní a thabhairt dóibh. | Na gréasáin seo a mhéadú agus caidreamh leanúnach a dhéanamh leo: Gréasán LADT+, Mná Gréasán na mBan, an Gréasán um Chomhionannas Ciníocha, Míchumas agus Néara-Éagsúlacht na Foirne, agus Gréasán na gCúramóirí. | Earrach 2025 ar aghaidh | Stiúrthóir CÉI; Gréasáin na Foirne; an Leas-Uachtarán agus an Cláraitheoir |
| 5.2 | Caidreamh a dhéanamh leis an ÚAO chun plean gníomhaíochta náisiúnta LADT+ san ardoideachas agus an tuairisciú ábhartha a fhorbairt. | An tuairisciú cuí bunaithe leis an ÚAO ar mhaithe leis an bpobal LADT+ san ardoideachas. | Earrach 2025 ar aghaidh | Stiúrthóir CÉI; Gréasán LADT+ |
| 5.3 | Gréasáin foirne nua do Thuismitheoirí agus do Dhaoine Breacaosta a bhunú. | Cur le piarthacaíocht, le cúrsaí feasachta agus le caidreamh le baill foirne atá ina dtuismitheoirí nó atá breacaosta. | Samhradh 2026 | Stiúrthóir CÉI |
| 5.4 | Caidreamh a dhéanamh le Coiste Comhionannais Aontas na Mac Léinn agus comhoibriú leo chun clár oibre CÉI a sholáthar. | Caidreamh méadaithe le pobal na mac léinn ar cheisteanna a bhaineann le CÉI. | Earrach 2025 ar aghaidh | Stiúrthóir CÉI; Coiste Comhionannais Aontas na Mac Léinn |
| 5.5 | Oiliúint agus sraith acmhainní CÉI a fhorbairt agus a roinnt le Clubanna agus Cumainn mhic Léinn COC agus le Gréasáin CÉI na mBall Foirne. | Tuiscint mhéadaithe a fháil ar CÉI agus CÉI le leabú ag clubanna agus cumainn na mac léinn agus ag gréasáin CÉI na mball foirne. | Fómhar 2025 ar aghaidh | Stiúrthóir CÉI, Clubanna agus Cumainn Mhic Léinn COC, Gréasáin na Foirne |
| 5.6 | Seicliosta CÉI a fhorbairt agus é a chur ar fáil do sholáthraithe/ dhíoltóirí seachtracha de chuid COC. | Seicliosta chearta an duine forbartha/eisithe do sholáthraithe agus díoltóirí de chuid COC.<br><br>A chinntiú go bhfuil luachanna agus prionsabail CÉI na hollscoile i bhfeidhm ar a cuid soláthraithe agus díoltóirí. | Fómhar 2027 — Fómhar 2028 | An Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda; Stiúrthóir CÉI |
| 5.7. | Comhdháil Náisiúnta CÉI a eagrú agus a óstáil in COC gach bliain | COC le comhdháil náisiúnta CÉI a óstáil do chomhpháirtithe uile na n-institiúidí ardoideachais. | Samhradh 2027 | Stiúrthóir CÉI |
| 5.8 | Creat cuimsitheach cumarsáide agus margaíochta a chruthú agus a chur ar fáil do COC lena n-áirítear plean gníomhaíochta cumarsáide inmheánach ina bpléitear le CÉI. | Caidreamh méadaithe ó bhaill foirne agus mic léinn le hábhar cumarsáide CÉI agus le feachtais tiomsaithe feasachta. | Geimhreadh 2025 ar aghaidh | An Leas-Uachtarán um Chaidreamh Domhanda; Stiúrthóir an Chlaochlaithe — Margaíocht agus Cumarsáid; an Stiúrthóir um Margaíocht agus Tionchar an Bhranda; Stiúrthóir na Margaíochta agus na Cumarsáide; Stiúrthóir CÉI |

| **Cuspóir 5: CAIDREAMH:**<br>Tuiscint ar an bPobal a bhfuilimid ag obair leo | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5.9 | Féilire imeachtaí CÉI a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina bhfuil imeacht ardáin bliantúil thart ar sheachtain CÉI. | % de mhéadú ar rannpháirtíocht in imeachtaí CÉI<br><br>Treoirlínte ionchuimsitheacha maidir le himeachtaí a chur i bhfeidhm.<br><br>Aitheantas ar an bhfreastal a dhéantar ar imeachtaí CÉI mar chuid de sheirbhís na foirne. | Fómhar 2025 ar aghaidh. | Stiúrthóir CÉI |

# SONRAÍ TEAGMHÁLA:

**An tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú,**

An Lóiste Theas,
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Corcaigh, Éire
ediunit@ucc.ie

@UCCEquality
@uccequality
/uccequality

**ucc.ie/en/edi**

